Tá idir fhaoiseamh agus áthas ar Ghaeil iarthar Bhéal Feirste anois go bhfuil áis úr ghaelach oscailte sa cheantar. Osclaíodh Gael-Ionad Mhic Goill an tseachtain seo caite, i ndiaidh blianta fada d'fheachtasaíocht.

Beidh an foirgneamh úr seo mar lárionad don ghrúpa cultúir, Glór na Móna. Tá clú ar Ghlór na Móna ar fud na tíre as an obair a dhéanann siad i gcur chun chinn na Gaeilge i mBéal Feirste. Beidh triúr oibrithe lánaimseartha san ionad úr ag obair go laethúil.

Ina theannta sin, beidh cúigear oibrithe páirtaimseartha ag obair ar thionscadail éagsúla atá dírithe ar an óige, ar oideachas do dhaoine fásta, ar an fheachtasaíocht teanga agus ar imeachtaí eile sa phobal.

Dúirt Conchúr Ó Muadaigh, atá ina oibrí óige le Glór na Móna, go bhfuil sé thar a bheith sásta leis na forbairtí úra seo. "Tá muid ar bís go bhfuil foirgneamh saintógtha agus áiseanna nua-aoiseacha anois againn le go dtig linn an obair atá muid a dhéanamh a chur chun cinn."

Go dtí seo, bhí an grúpa ag obair i ndrocháit bheag dhorcha taobh thiar de sceallóglann. Is beag spás a bhí ann agus ní raibh an áit fóirsteanach ar dhóigh ar bith. Agus sin ráite, d'éirigh leis an ghrúpa obair mhór a dhéanamh in ainneoin easpa áiseanna.

Is léir gur ré úr é seo do phobal na Gaeilge in iarthar Bhéal Feirste agus is comhartha dóchais é seo fosta don ghlúin úr atá ag teacht i gcrann sa cheantar. Tabharfaidh na háiseanna úra spreagadh nach beag dóibh siúd a bhíonn ag plé leis an teanga ar bhonn laethúil.

Suggested translation

Gaels in West Belfast are both delighted and relieved that a new Irish language facility has opened in the area. Gael-ionad Mhic Goill was opened last week after many years of campaigning.

The new building will be the central hub for the cultural group, Glór na Móna. The group is well known all over Ireland due to the work it does to promote the Irish language in Belfast. There will be three full-time workers in the new centre every day.

There will also be five part-time workers working on various projects aimed at youth, at adult education, at language campaigning, and at other community events.

Conchúr Ó Muadaigh, a youth worker with Glór na Móna, said that he is delighted with these new developments. "We are ecstatic that we have a purpose-built building and contemporary resources so that we may develop the work that we do."

Hitherto, the group were based in a small dark place behind a chip shop. There was little space and it was not suitable at all. Having said that, the group succeeded in doing great work regardless of the lack of resources.

This is clearly a new dawn for the Irish language community in West Belfast and it is also a sign of hope and encouragement for the next generation coming of age in the area. These new resources will give great inspiration to those who work with the language on a daily basis.